

Áine Uí Dhubhshláine, Tírdhreach  
©Áine Uí Dhubhshláine



### Bí ag Smaoineamh / Bí ag plé ( Teanga ó Bhéal )

*“Tá an crann seo séidthe ag an ngaoth ach tá sé fós beo. Baile é do na héin agus na hainmhithe. Má mhaireann an crann aonair seo mairfidh mise agus mairfidh tusa in ainneoin pé deacrachtaí atá againn.”*

(Áine Uí Dhubhshláine)

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?

Cad iad na mothúcháin atá sa dán ( fearg/ brón /áthas )?

Cén teideal a chuirfeása air?

Céard é do bharúil faoin méid a dúirt an t-ealaíontóir faoi?

An maith leat na dathanna?

### Bí ag Léamh ( Teanga – Léitheoireacht )

Deirtear gur scríobh Aimhirghin Glúingheal *Dán Aimhirghin* nuair a leag sé cos ar thalamh na hÉireann don chéad uair sa bhliain 3500.

Seo leagan simplí de thus an dáin

*Is mé an ghaoth ar muir*

*Is me an tonn láidir*

*Is mé glór na farraige ...*

(Is féidir leaganacha eile den dán a lorg ar an idirlíon)

## Bí ag Scríobh ( Teanga-Scríbhneoireacht )

### Roghnaigh Tasc Scríbhneoireachta amháin:

1.

Samhlaigh gur tusa an crann sa phictiúr.  
Scríobh dán nó scéal ag tosnú le

*Is mé an crann séidte ...  
nó  
Seanchrann anois mé ...*

2.

Roghnaigh rud éigin eile atá le feiceáil sa phictiúr (cloch nó cnoc nó spéir nó rud ar bith).  
Scríobh dán nó scéal ag tosnú le

*Is mé an ... / Is mise ...*

3.

Samhlaigh ainmhí nó éan sa phictiúr.  
Scríobh dán nó scéal ag tosnú le

*Is mé an ... / Is mise ...*

#### **Sampla:**

*Is mise an t-éan a raibh nead agam sa chrann seo tráth  
Is mise an nead a thit go talamh nuair a tháinig an ghaoth  
Is mise an ghaoth a shéid is a shéid arís is arís eile  
Is mise an ghaoth a phléasc amach ag gáire  
nuair a chonaic mé na huibheacha briste ar an talamh*

### Do Phictiúr Féin: ( Ealaíon )

Gearr amach an pictiúr a rinne Áine Uí Dhubhshláine agus cuir i lár an leathanaigh é.  
Greamaigh don leathanach é agus cuir leis. Lean ort le do phictiúr féin thart timpeall air.  
Céard a chuirfidh tú leis an tírdhreach seo?  
An leanfaidh tú ar aghaidh leis na dathanna céanna nó an gcuirfidh tú dathanna eile isteach?

Is tusa an Crann , inis dom faoi do chuid mothúcháin **(Drámaíocht)**

Tá tú féin is do chara ag siúl sa cheantar seo , déan aithris ar an gcomhrá eadraibh .  
**(Drámaíocht)**

Tá an crann seo aosta , tá go leor rudaí feicthe aige le 100 bliain: Cad iad na himeachtaí stairiúil atá feicthe aige ? **( OSIE-Stair )**

©Áine Ní Ghlinn